ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Údarás Craolacháin na hÉireann

Plean Ceadúnaithe Raidió BAI 2019

Aibreán 2019

Plean Ceadúnaithe Raidió BAI 2019

Ina cháil mar an comhlacht atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar an gcraoltóireacht in Éirinn, ceanglaítear ar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) faoin Acht Craolacháin, 2009 straitéis a ullmhú maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar in Éirinn. Sa *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* reatha aige, a foilsíodh i mí na Samhna 2018, leagtar amach an cur chuige atá ag BAI i leith seirbhísí craolacháin a cheadúnú sa Stát (i dteannta na seirbhísí a sholáthraíonn RTÉ agus TG4) agus leagtar amach ann fís BAI i leith meascán barrmhaith seirbhísi a sholáthar.

De bhun na hoibleagáide reachtúla atá air pleananna a chur le chéile maidir le líon, le cineál agus le scóip conarthaí craolacháin a bheartaíonn sé a dhéanamh (ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí), tíolacann BAI a phlean ceadúnaithe raidió maidir lena bhfuil fágtha de 2019.

Cuimsíonn an plean seo próisis cheadúnúcháin a ghlacadh ar láimh i gcomhair trí cinn de sheirbhísí craolacháin fuaime tráchtála agus aon seirbhís craolacháin fuaime pobail amháin. Sonraítear na seirbhísí sa tábla thíos faoi seo.

An Cineál Seirbhíse	An Limistéar Saincheadúnais	An Sprioclucht Éisteachta
Seirbhís bunaithe ar cheol do lucht éisteachta ginearálta ar an mbanda FM	Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	35-55 bliana
Seirbhís rac-cheoil chlasacigh bunaithe ar rac-cheol clasaiceach ar an mbanda FM	Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath agus an Crios Comaitéireachta	25+ bliana
Seirbhís Chríostaí agus reiligiúnach ar na bandaí AM & FM	Náisiúnta nach mór	15+ bliana
Seirbhís pobail ar an mbanda FM	Pobal Bhaile Átha Luain agus a Phurláin	Pobal Bhaile Átha Luain agus a Phurláin